Topaic 11: Éadaí agus Siopadóireacht

Feidhmeanna

San aonad seo foghlaimeoidh an rang conas:

11.1	~ cineálacha éagsúla éadaí a ainmniú
11.2	~ eolas a lorg agus a thabhairt faoi dhath
11.3	~ tuairimí a chur in iúl
11.4	~ tuairimí a lorg is a thabhairt
11.5	~ idirdhealú a dhéanamh idir éadaí éagsúla
11.6	~ fiafraí faoi chostas agus eolas a thabhairt faoi chostas

An ghramadach

San aonad seo foghlaimeoidh an rang:

- Aidiachtaí san uatha agus san iolra: ***geansaí deas, léine bhuí, bróga dubha***
- Na réimíreanna **ró** agus **an**: ***rómhór, ró-éadrom, an-deas***
- Uimhreacha: ***deich euro, fiche euro, tríocha euro… céad euro***
- Aidiachtaí taispeántacha: ***seo, sin***

Stór focal:

San aonad seo foghlaimeoidh an rang:

Cineálacha éadaí: ***geansaí, bríste, léine, t-léine, fo-éadaí, sciorta, gúna, culaith, stocaí, bróga, cóta, hata, buataisí, blús***
Dathanna: ***dubh, bán, dearg, buí, gorm, glas, donn, dath oráiste, bándearg***
Aidiachtaí: ***deas, saor, daor, beag, mór, éadrom, dorcha***

Beidh an foghlaimeoir in ann…

Labhairt	Na príomhbhaill éadaigh agus na príomhdhathanna a ainmniú. tuairimí an-simplí a chur in iúl faoi éadaí. Ceist a chur faoi chostas.
Cluastuiscint	Cur síos an-simplí a bhaineann le baill éadaigh, an dath orthu agus an costas a bhaineann leo a thuiscint.
Léamhthuiscint	Ainmneacha na bpríomhbhall éadaigh agus na ndathanna a thuiscint. Praghsanna simplí a thuiscint.

11.1 Ag ainmniú cineálacha éagsúla éadaí

(A) Múin ainmneacha na gcineálacha éagsúla éadaí don rang.

Gníomhaíocht 11.1(A): Cineálacha éadaí: Cluastuiscint agus Caint

Réamhullmhúchán:

- Déan cóip de **Bhileog 11.1(A): Cineálacha éadaí** le húsáid ar an osteilgeoir nó déan cóip do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

© CÉ Má Nuad

- Déan cur síos don rang ar a bhfuil á gcaitheamh ag an triúr ar an mbileog mar seo a leanas: *Tá léine agus bríste ar Cholm. Tá geansaí air freisin agus bróga.* agus araile.
- Déan fuaimniú an fhoclóra a chleachtadh leis an rang go dtí go bhfuil siad compordach, muiníneach as cur síos a dhéanamh ar a bhfuil á gcaitheamh ag na daoine sna pictiúir.
- Iarr ar dhaoine éagsúla sa rang cur síos a dhéanamh ar a bhfuil á gcaitheamh ag an triúr ar an mbileog.
- Iarr ar dhaoine sa rang cur síos a dhéanamh ar a bhfuil á gcaitheamh acu féin: mar shampla: *Tá sciorta agus blús orm agus tá bróga orm.*

Gníomhaíocht 11.1(B): Cad atá orm?: Cluastuiscint

Gníomhaíocht:

- Tabhair cóip de **Bhileog 11.1(B): Cad atá orm?** do gach duine sa rang agus abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le Deirdre, Sharon agus Philip ag cur síos ar na héadaí atá á gcaitheamh acu.
- Mínigh dóibh go mbaintear úsáid as an réamhfhocal *ar* nuair a bhítear ag cur síos ar na héadaí atá ar dhuine. Féach na samplaí thíos:

  Tá sciorta agus blús <u>orm</u>.
  Tá culaith <u>air.</u>
  Tá gúna <u>uirthi.</u>

- Anois, caithfidh na foghlaimeoirí tic a chur in aice leis an bpictiúr den bhall éadaigh cuí i ngach cás.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht trí iarraidh ar fhoghlaimeoirí éagsúla cur síos ar na héadaí is maith leis na cainteoirí difriúla.

(C) Na cineálacha siopaí

- Múin an foclóir don rang chun cur síos ar na siopaí éagsúla:

  siopa éadaí, siopa bróg, siopa fo-éadaí, siopa hataí, cúntóir siopa

11.2 Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi dhathanna

- Múin na príomhdhathanna don rang:

  gorm, bán, dubh, dearg, donn, glas, oráiste, bándearg, buí

Gníomhaíocht 11.2: Na dathanna: Caint

Réamhullmhúchán:

© OÉ Má Nuad

- Bíodh cúpla cart déanta agat chun na príomhdhathanna a léiriú.
- Chun é seo a dhéanamh is féidir leat focal an datha a scríobh le peann a bhfuil an dath sin air nó is féidir leat píosaí páipéir dhaite de na príomhdhathanna a ghreamú le cairt agus ainmneacha na ndathanna a scríobh in aice leo nó is féidir leat roth dathanna a dhearadh agus ainmneacha na ndathanna a scríobh ar imeall an rotha.

Gníomhaíocht:
- Déan cleachtadh ar na dathanna leis an rang trí cheist a chur ar an rang: *Cén dath é seo?*
- Ansin cuir ceist ar dhaoine éagsúla sa rang: *Cén dath atá ar do gheansaí? ar do bhróga?* agus araile.

11.3 Ag cur tuairimí in iúl

(A) Ag déanamh cur síos ar éadaí
- Múin roinnt aidiachtaí don rang chun cur síos a dhéanamh ar éadaí nó ar bhróga:

  mór, beag, fada, gearr, deas, álainn/galánta, maith, ard, íseal

- Samplaí:

  bróga arda, bróga ísle,
  cóta gearr/fada, cóta mór (mínigh gurb é cóta báistí is brí leis seo, de ghnáth*)*
  sciorta gearr/fada,
  blús deas
  culaith lainn agus araile.

(B) Ag cur tuairimí in iúl faoi éadaí
- Iarr ar an rang tuairimí a chur in iúl faoi bhall éadaigh ar bith ar **Bhileog 11.1(A): Cineálacha éadaí.**
- Ba cheart go mbeidís in ann tuairimí mar seo a thabhairt duit:

  Is maith liom an gúna.
  Ní maith liom an hata.
  Is fuath liom an chulaith.
  Is breá liom an blús.

(C) Na réimíreanna *'ró'* agus *'an-'*.
- Cuir na réimíreanna *'ró'* agus *'an-'* a d'fhoghlaim siad faoi **Thopaic 7: Buanna agus Scileanna** i gcuimhne don rang.
- Abair leo éisteacht leat agus tú ag rá:

mór	*rómhór*	*an-mhór*
beag	*róbheag*	*an-bheag*
fada	*rófhada*	*an-fhada*

- Cad a thugann siad faoi deara?
- Cuireann na réimíreanna seo séimhiú ar thúschonsan na haidiachta.

© CF Má Nuad

- Abair leo éisteacht leat agus tú ag rá:

deas	*ródheas*	*an-deas*
ard	*ró-ard*	*an-ard*
íseal	*ró-íseal*	*an-íseal*
saor	*róshaor*	*an-saor*

- Cad a thugann siad faoi deara?
- Ní chuireann *an-* séimhiú ar aidiacht a thosaíonn le *d, t, s.*
- Ní féidir séimhiú a chur ar ghuta ar ndóigh, mar sin ní bhíonn aon athrú tar éis na réimíreanna seo ar aidiacht a thosaíonn le guta.

Gníomhaíocht 11.3(C): Na réimíreanna *'ró'* agus *'an-'*: Scríbhneoireacht

Gníomhaíocht:

- Tabhair cóip de **Bhileog 11.3(C): Na réimíreanna *'ró-'* agus *'an-'*** do gach duine sa rang.
- Iarr orthu an bhileog a líonadh isteach leis an bhfoirm cheart den aidiacht i ngach cás.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht nuair a bheidh siad réidh.

Gníomhaíocht 11.3(D): Gramadach: Ainmfhocal agus aidiacht

Réamhullmhúchán:

- Déan cóip de **Bhileog 11.3(D): Gramadach** chun cur ar an osteilgeoir agus cóip le dáileadh ar na foghlaimeoirí.

Gníomhaíocht:

- Cuir i gcuimhne do na foghlaimeoirí go bhfuil ainmfhocail bhaininscneacha agus fhirinscneacha sa Ghaeilge.
- Cuir ceist orthu cad is cuimhin leo faoi ainmfhocail fhirinscneacha ó **Thopaic 9: Bia agus Deochanna**. An féidir leo liosta focal baininscneach a bhaineann le bia/deoch a thabhairt duit?
- Abair leo anois go gcaithfidh an aidiacht réiteach leis an ainmfhocal.
- Taispeáin **Bileog 11.3(D)** don rang.
- Léigh amach na samplaí den ainmfhocal agus aidiacht san uatha.
- Féach an bhfuil an rang in ann an riail a oibriú amach.
- Bíonn séimhiú ar an aidiacht nuair a thagann sé tar éis ainmfhocal uatha atá baininscneach.
- Léigh amach na samplaí den ainmfhocal agus aidiacht san iolra.
- Féach an bhfuil an rang in ann an riail a oibriú amach.
- San iolra cuirtear *'a'* nó *'e'* leis an aidiacht, ag brath ar litriú/fuaimniú na haidiachta. (Caol le caol agus leathan le leathan).
- Déan cleachtadh ar na hainmfhocail agus aidiachtaí. Abair na cinn atá ar an mbileog do na foghlaimeoirí.
- Abair leis na rang go mbeidh sé níos fusa cuimhneamh ar an riail/na rialacha má

© OÉ Má Nuad

tá roinnt samplaí den sórt seo foghlamtha de ghlanmheabhair acu.

- Tabhair cóip de **Bhileog 11.3(D): Gramadach** do gach duine de na foghlaimeoirí.

Gníomhaíocht 11.3(E): Aidiachtaí agus ainmfhocail: Scríbhneoireacht

Gníomhaíocht:

- Tabhair cóip de **Bhileog 11.3(E): Aidiachtaí agus ainmfhocail** do gach duine de na foghlaimeoirí.
- Ba cheart dóibh an leagan ceart de gach aidiacht a scríobh isteach i ngach
- Ceartaigh an ghníomhaíocht nuair a bheidh an rang réidh.

11.4 Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi éadaí

(A) Cuir i gcuimhne don rang conas tuairim duine a lorg:

An maith leat an sciorta seo?

- Cuir i gcuimhne don rang conas tuairim a thabhairt. (Féach 11.3 thuas).
- Cuir leis sin anois:

Is maith liom go mór é.
Ní maith liom in aon chor é. (Nó: *Ní maith liom é ar chor ar bith*).

Gníomhaíocht 11.4(A): Ag cur síos ar éadaí na ndaoine sa phictiúr : Caint

Réamhullmhúchán:

- Cruthaigh póstaer trí phictiúir oiriúnacha de dhaoine gléasta go suimiúil a ghearradh amach as irisleabhair ar nós *VIP* nó *Hello* agus uimhreacha a chur leo. Cuir an póstaer ar an bhalla chun gur féidir le gach duine de na foghlaimeoirí é a fheiceáil.

Gníomhaíocht:

- Iarr ar an rang cur síos a dhéanamh ar a bhfuil á chaitheamh ag na daoine sa phóstaer. Mar shampla:

Lorraine: *Tá gúna gearr, dearg uirthi agus bróga arda, dubha.*
Donncha*: Tá seaicéad agus bríste dubh air agus léine bhán* agus araile.

- Faigh tuairimí daoine éagsúla faoi na héadaí céanna féachaint an bhfuil siad ar fad ar aon tuairim lena chéile! Mar shampla:

Múinteoir:	*An maith leat sciorta Lorraine?*
Foghlaimeoir 1:	*Tá sé ceart go leor.*
Foghlaimeoir 2:	*Ní maith liom é.*

© OÉ Má Nuad

Foghlaimeoir 3: *Is maith liom go mór é.*

Gníomhaíocht 11.4(B): Foghraíocht: **Dul siar ar '*s*' leathan agus '*s*' caol: Cluastuiscint**

Réamhullmhúchán:

- Déan cóip de **Bhileog 11.4(B): Foghraíocht** do gach duine sa rang.
- Abair leis an rang éisteacht leis an nguth ar an DD ag rá roinnt focal a bhfuil '*s*' iontu.

Gníomhaíocht:

- Caithfidh an foghlaimeoir an focal a chloiseann sé/sí a scríobh faoin teideal ceart: '*s*' leathan nó '*s*' caol.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht nuair a bheidh an rang réidh.

11.5 Ag déanamh idirdhealaithe idir earraí éagsúla

(A) An difear idir 'seo' agus 'sin'

- Mínigh an difríocht idir 'seo' agus 'sin' trí mhéar a shíneadh ar rudaí gar duit agus rudaí i bhfad uait:

  Léigí an leabhar seo agus an leabhar sin.
  Féachaigí ar an bpictiúr seo agus ar an bpictiúr sin, agus araile.

- Múin an cheist agus an freagra:

  Cé acu ceann is maith leat?
  An ceann seo/ An ceann sin.

11.6 Ag fiafraí faoi chostas agus ag tabhairt eolais faoi chostas

(A) Costas

- Déan athchleachtadh leis an rang ar chomhaireamh ó €1 go €10. (Féach **Topaic 9: Bia agus Deochanna**)
- Múin ó €20 go €100 don rang:

  fiche euro, tríocha euro, daichead euro .... céad euro.

- Múin an nath *'nócha naoi cent'* don rang agus cuir i gcuimhne dóibh *'caoga cent'*. (Féach **Topaic 9: Bia agus Deochanna**)
- Cuir i gcuimhne don rang conas ceist a chur faoi chostas. (Féach **Topaic 9: Bia agus Deochanna**)

© OÉ Má Nuad

Gníomhaíocht 11.6(A): Costas éadaí: Caint

Réamhullmhúchán:

- Tá naoi mball éadaí ar **Bhileog 11.6(A): Costas éadaí** agus tá lipéid fholmha ar gach ball éadaigh díobh.
- Sula ndéanann tú cóipeanna den bhileog, scríobh isteach praghas ar gach ceann de na lipéid. Is féidir leat praghsanna atá ró-ard, ró-íseal nó réasúnta a scríobh isteach.
- Bain úsáid as praghsanna simplí i. €30, €39.99, €53.50. Ná bain úsáid as leithéidí €4.56, mar shampla.
- Tabhair cóip de **Bhileog 11.6(A)** do gach duine sa rang nó déan cóip don osteilgeoir.

Gníomhaíocht:

- Cuir ceist ar dhaoine éagsúla sa rang cé mhéad atá ar na héadaí ar **Bhileog 11.6(A).**

(B) Ag cur tuairimí in iúl faoi chostas

- Déan athchleachtadh ar na haidiachtaí seo a leanas leis na foghlaimeoirí:

  daor, an-daor, ródhaor
  saor, an-saor, róshaor
  réasúnta

- Tarraing an scála seo a leanas ar an gclár agus iarr ar an rang é a líonadh le na nathanna cuí ón liosta aidiachtaí thuas:

Costas éadaí

€10 €20 €50 €100 €500

----------1----------2----------3----------4----------5----------

<u>daor</u>

Gníomhaíocht 11.6(B): Tuairimí an ranga faoi chostas éadaí

Réamhullmhúchán:

- Cuir cóip de **Bhileog 11.6(A): Costas éadaí** ar an osteilgeoir.

Gníomhaíocht:

- Iarr ar dhaoine éagsúla sa rang a dtuairimí a chur in iúl faoin gcostas atá ar na héadaí ar **Bhileog 11.6(A).**
- Cuir ceist orthu: *'Cé mhéad atá ar an ngúna galánta? An bhfuil sé sin daor nó saor, meas tú?'*
- Lig do dhaoine difriúla a dtuairimí maidir le costas na mball éadaigh céanna a chur in iúl!

© OÉ Má Nuad

Gníomhaíocht 11.6(C): Ailín agus Pól ag siopadóireacht: Cluastuiscint

Réamhullmhúchán:

- Tabhair cóip de **Bhileog 11.6(C): Ailín agus Pól ag siopadóireacht** do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

- Iarr ar an rang éisteacht le hAilín agus Pól agus tic a chur sna boscaí cuí chun a dtuairimí a chur in iúl i ngach cás.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht nuair a bheidh an rang réidh.

Gníomhaíocht 11.6(D): Agallaimh réamhdhéanta: Cleachtadh cainte

Réamhullmhúchán:

- Tabhair cóip de **Bhileog 11.6(D)** do gach duine sa rang.
- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí beirte, A agus B; A an cúntóir siopa, B an custaiméir.

Gníomhaíocht:

- Ba cheart do na foghlaimeoirí cleachtadh a dhéanamh ar a rólanna sna hagallaimh réamhdhéanta.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, bogadh A deiseal chun cleachtadh leis an gcéad B eile sa ról céanna.
- Ansin, ba cheart dóibh rólanna a mhalartú, B an cúntóir siopa, A an custaiméir.
- Ba cheart dóibh leanúint ar aghaidh ag cleachtadh go dtí go bhfuil siad eolach go maith ar a bhfuil de nathanna sna hagallaimh.

Gníomhaíocht 11.6(E): Foghraíocht: Súil siar ar *'o'* v. *'ó'*: Cluastuiscint agus Scríbhneoireacht

Gníomhaíocht:

- Tabhair cóip de **Bhileog 11.6(E): Foghraíocht** do gach duine sa rang. Abair leis an rang éisteacht go cúramach leis an nguth ar an DD agus ***'o'*** nó ***'ó'*** a scríobh isteach sa bhearna i gcás gach focail.

Gníomhaíocht 11.6(F): Foghraíocht: 'e' v 'é': Cluastuiscint

Gníomhaíocht:

- Abair leis an rang éisteacht go cúramach leis an nguth ar an DD nó is féidir leat féin na focail sa liosta thíos a rá.

1.	te	le	Eithne	eile	bríste	páiste
2.	é	éadaí	léine	éadrom	cé mhéad	léine
3.	te	le	Eithne	eile	bríste	páiste

© OÉ Má Nuad

4. é éadaí léine éadrom cé mhéad léine

- Abair leo aithris a dhéanamh ar an nguth/ort féin.

© OÉ Má Nuad